

# Glór Cheatharlach

## Gradam don Siopa Glas i mBalana

Rinne Bord Fiontar Cheatharlach óstáil ar Ghradaim Ghnólachta Nuathionscanta Cheatharlach le déanaí ag ócáid in Óstlann na Seacht nDair. Bhí an tAire Chomhshaoil, Pilib Ó hÓgáin T.D. i láthair agus bhí sceitimíní áthais ar mhuintir Bhalana nuair a bronnadh corn an Ghnólachta Ghlais don ghnó glas ab fhearr sa bhliain 2012 orthu. Cothaíonn foireann Ghlor Bhalana agus Grúpa Feabhsúcháin Bhalana spiorad iontach i measc pobal an bhaile bhig. Tá ainm in airde ar an Siopa Glas sa lá atá inniu ann agus is de bharr saothar na ndaoine a oibríonn go deonach sa siopa gurb amhlaidh dó. Is iontach an méid imeachtaí pobal agus ócáidí spreagúla cairdiúla a tharla ag an siopa ón uair a osclaíodh don phobal é i mí an Mheithimh. Gabhann bunaitheoirí an tsiopa buíochas ó chroí leis na hoibríthe deonacha agus leis na custaiméirí iontacha a thugann tacaíocht don bhfiontar áirithe seo. Ar aghaidh leo!

## Oíche Shamhna

Tá Oíche Shamhna buailte linn agus ceiliúrfar an fhéile spráúil seo oíche amárach, an 31ú Deireadh Fómhair. B'fhéile an-tábhachtach sa Cheilteachas Oíche Shamhna mar ba ar an oíche áirithe seo a chuirfí tús leis an mBliain Cheilteach. Ba é an tréimhse ó Shamhain go Bealtaine an Geimhreadh agus an tréimhse ó Bhealtaine go Samhain an Samhradh. Cosúil le cultúir eile, chuir na Ceiltigh tús na bliana i gcomparáid le tús na cruinne agus cruthú an domhain.



Tá aiséirí déanta ar ghnásanna na Samhna le blianta beag anuas agus déantar an fhéile a cheiliúradh fud fad na tíre de réir nósanna agus custaim an cheantair. Gléasann daoine óga suas agus caitheann siad maisc agus aghaidh fidleacha. Téann siad ó theach go teach ag imirt an chluiche Bob nó Bia. Anseo is ansiúd cuirtear tornapaí nó puimcíní lasmuigh den teach le coinneal lasta iontu chun geit a bhaint as daoine a bhíonn ag gabháil thart. Tugtar cnónna agus úlla agus báirín breac do na páistí. Imrítear cluichí ar nós snap-úll, tumadh san uisce agus púicín. Creidtear go mbíonn an púca lasmuigh sa dorchadas ar Oíche Shamhna agus an chailleach ag eitilt trasna na spéire ar a scuab draíochta!

Lastar tinte cnámha agus déantar cuar-rince timpeall na tine. Cosúil le Bealtaine agus teacht an tsamhraidh, ba chuid de ghnás theacht an gheimhridh an tine chnámh a lasadh. Ba shiombail í den ghrian a thug beocht agus torthúlacht don talamh, don ainmhí agus don duine i rith na bliana. De réir an tseandearcaidh thug an tine fuinneamh don ghrian chun an talamh a théamh, an bháisteach a laghdú, na barraí a chur chun cinn agus deireadh a chur le droch-chumhachtaí agus drochnósanna a d'fhéadfadh a bheith cruinnithe i rith na bliana.

Is í Féile na Samhna, féile na sinsear chomh maith. Mar sin tá Féile na Marbh buailte le Samhain. Sa tseanaimsir bhíodh sé de nós ag daoine an teach a ghlanadh, tine bhreá a dhéanamh agus bia a fhágaint ar an mbord i rith na hoíche ag ceapadh go dtiocfadh na gaotha ar ais ón saol thall chun cuairt a thabhairt ar an seanáitreabh.

Is iontach chomh beo briomhar is atá gnásanna na Samhna fós i ré seo na teicneolaíochta agus is deas an rud é go bhfuil na nósanna á n-aistriú chuig an chéad ghlúin eile.

## Gaeilge le Chéile na Samhna

Cuirfear fáilte roimh chách ag Gaeilge le Chéile, an teacht le chéile míosúil trí Ghaeilge, ar an Déardaoin, 1ú Samhain ag 9.00i.n. i dteach tábhairne Reddys ar Shráid na Tuláí. Tagann daoine, a bhfuil suim sa Ghaeilge acu, le chéile ar an gcéad Déardaoin de gach mí ó cheann ceann na bliana chun an Ghaeilge a labhairt go sóisialta. Is deis labhartha na Gaeilge iontach í seo do chainteoirí agus d'fhoghlaiméoirí araon. Is deis chomh maith í do dhaoine bualadh le daoine eile le suim sa Ghaeilge. Cead isteach saor agus fáilte roimh chách.

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

**Glór Cheatharlach**  
Sráid an Choláiste, Ceatharlach  
(059) 9158105 / (085) 1340047

emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie  
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## Oireachtas na Samhna 2012

Tá pobal na Gaeilge ag bailiú le chéile an tseachtain seo ag an bhféile náisiúnta is Gaelaí sa tír. Tá Oireachtas na Samhna 2012 ar siúl i mBaile Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall agus beidh na mílte Gaelgoirí i láthair ag an ócáid spleodrach seo chun sult agus spraoi a bhaint as an réimse leathan d'imeachtaí cultúrtha a bheidh ar siúl trí Ghaeilge.

Leanfaidh An tOireachtas ó 30 Deireadh Fómhair go 4 Samhain agus déanfaidh an tAire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich T.D. an fhéile a oscailt san Ostán Mount Errigal ag 3:30i.n ar an Déardaoin cé go bhfuil na comórtaí do dhaoine óga faoi lán seoil ó thús na seachtaine. Tá na sluaite páistí

agus daltaí scoile ann chun páirt a ghlacadh i gcomórtas Scléip na hÓige agus comórtais ardáin eile na féile.

I measc na n-imeachtaí beidh réimse leathan de chomórtais do dhaoine fásta freisin le léachtaí, comórtais, amhránaíocht agus damhsa ar an sean-nós, príomhchomórtas an Oireachtais Corn Uí Riada, dreas cainte, agallaimh beirte, lúbíní, comórtas léirithe drámaíochta, seisiúin ceoil agus sean-nós, seoltaí leabhar, dlúthdhioscaí agus DVD mar aon le ceolchoirmeacha agus go leor eile. Déanfar craoladh beo ar chomórtas damhsa ar an sean-nós 'Steip' ar TG4 ag 2.30i.n. ar an Satharn agus cloisfear comórtas 'Corn Uí Riada' beo ar

Raidió na Gaeltachta ag 7.00 an oíche chéanna.

Is ócáid mhór í Oireachtas na Gaeilge do mhuintir na tíre ach go háirithe do lucht labhartha na Gaeilge agus don Ghaeltacht agus tá sé ag dul ó neart go neart leis na blianta. Is céiliúradh ollmhór ar chultúr agus beocht an teanga é an fhéile seo.

Tugann gradaim a bhronntar ag an Oireachtais aitheantas do dhaoine atá ag saothrú ins na meáin Ghaeilge a bhaineann ardchaighdeán amach i réimsí éagsúla oibre agus cur chun cinn na Gaeilge. Lasmuigh do na comórtais éagsúla bíonn ceol, amhránaíocht agus craic ar fáil gach oíche ag club na Féile. Tá gach eolas agus clár iomlán na féile ar [www.antoireachtas.ie](http://www.antoireachtas.ie)

Welcome to  
the digital edition of the

**The  
Nationalist**

The e-edition is an exact  
replica of our printed paper.  
It's a digital reproduction of  
the newspaper

Each e-edition comes complete  
including every photograph,  
advertisement and news articles.  
There is no need to download  
software and you can access your  
e-edition anytime, anywhere you are.

Simply sign up today at

**www.carlow-nationalist.ie**  
and start search and navigating the  
paper using your web browser.



**www.carlow-nationalist.ie**